

Cáin Mhaoine Áitiúil

CMÁ

**Treoirínte maidir leis an díolúine ó Cháin Mhaoine Áitiúil
do mhaoine damáistithe ag pirít**

Revenue



Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

Clár na nÁbhar

1. Réamhrá	3
2. Deimhniú i leith damáiste suntasach piríte.....	3
3. Leasúchán ar mhaoine arna dhéanamh ag an mBord Réitigh um Pirít	4
4. Árachas a chlúdaíonn damáiste struchtúrtha do mhaoín	5
5. Leasúchán nó cúiteamh ó thógálaí / forbróir maoine	5
6. An cineál leasúcháin atá ag teastáil	5
7. An díolúine a éileamh.....	6
8. Tráthúlacht na díolúine	7
8.1 An dáta ar a gcáilíonn an mhaoín don díolúine.....	7
8.2 Fad na díolúine	7
8.3 Roghnú (faoi 31 Eanáir 2014) le haghaidh díolúine shiarghabhálach	7
8.4 Leasúchán roimh an 2 Bealtaine 2013	8
8.5 Deireadh a chur le díolúine	8
9. Féinmheasúnú agus seiceálacha comhlíontachta na gCoimisinéirí Ioncaim	8
10. Samplaí ina léirítear oibriú na díolúine CMÁ	8
10.1 Deimhniú damáiste a fuarthas i mí Dheireadh Fómhair 2013	8
10.2 Áireamh i scéim um leasúchán piríte an BRP i mí Feabhra 2014	8
10.3 Socrú árachais baránta struchtúrtha i mí an Mhárta 2016	9
10.4 Cúiteamh a íoc ag an tógálaí.....	9
AGUISÍN A – C.É. 398	11
AGUISÍN B – Deimhniú um Chatagóiriú Foirgnimh.....	12
AGUISÍN C – Deimhniú chun Díoluine a Éileamh.....	14
AGUISÍN D – Deimhniú Leasúcháin do Phirít Imoibríoch.....	15

1. Réamhrá

Tá tréimhse díolúine shealadach 6 bliana ón muirear ar Cháin Mhaoine Áitiúil (CMÁ) ar fáil do mhaoine a léirítear ina leith go bhfuil leibhéal suntasach damáiste pirít déanta dóibh. Ciallaíonn sé seo nach bhfuil na maoine uile a bhfuil cur isteach ag pirít orthu incháilithe don díolúine. Tá coinne leis, áfach, go mbeidh tionchar diúltach ag láithreachtaí piríte ar luach margaidh na maoine, cibé an ndearna sí damáiste struchtúrtha do mhaoine cheana féin nó an bhfuil sé de chumas aici damáiste den cineál sin a dhéanamh. D'fhéadfadh sé a bheith mar thoradh air seo go mbeadh dliteanas CMÁ laghdaithe ag an maoine atá i gceist, ag brath ar luach inmhuirir na maoine ar dháta luachála (is é sin an 1 Bealtaine 2013 don tréimhse 2013 go 2021, nó an 1 Samhain 2021 don tréimhse 2022 go 2025). Níor chóir maoine a ndearnadh leasúchán dóibh ón 1 Bealtaine 2013 leanúint de luach inmhuirir laghdaithe a bheith acu ar an dáta luachála den 1 Samhain 2021.

Tá maoine a ndearnadh pirít damáiste di incháilithe don díolúine CMÁ sna cúinsí seo a leanas:

1. nuair atá deimhniú damáiste comhlánaithe ag duine inniúil (féach Cuid 2 thíos),
2. nuair a ghlactar léi isteach sa scéim um leasúchán piríte arna hoibriú ag an mBord Réitigh um Pirít (féach Cuid 3 thíos),
3. nuair atá an comhlacht árachais tar éis leasúchán a dhéanamh di nó tar éis suim airgid dhóthanach ar fáil chun an leasúchán a dhéanamh (féach Cuid 4 thíos), nó
4. nuair atá an tógálaí a thóg an mhaoine tar éis leasúchán di nó tar éis suim airgid dhóthanach ar fáil chun an leasúchán a dhéanamh (féach Cuid 5 thíos).

Tá deireadh á chur leis an díolúine. Beidh úinéirí maoine a chomhlíonann an coinníoll cáilitheach **ar an 21 Iúil 2023 nó roimhe sin** in ann an díolúine a éileamh don tréimhse reatha 6 bliana tar éis an cháilithe.

2. Deimhniú i leith damáiste suntasach piríte

Sna rialacháin (Rialacháin Piríte)² a rinne an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil¹, rinneadh cur síos ar na nósanna imeachta is gá a leanúint agus measúnú agus tástáil á déanamh ar mhaoine do dhamáiste piríte agus chun leibhéal an damáiste a dheimhniú. Tá na Rialacháin Piríte bunaithe ar nósanna imeachta a ndéantar cur síos orthu i gCaighdeán Éireannach arna fhoilsiú ag an Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann: C.É. 398.³ Tá na nósanna imeachta seo an-teicniúil agus tá rannpháirtíocht innealtóirí, geolaithe agus daoine inniúla eile ag teastáil. A dtoradh deiridh ná an riosca a ghabhann le láithreachtaí piríte nó leibhéal iarbhir an damáiste piríte a dheimhniú, ag brath ar chúinsí áirithe. **Is é seo an deimhniú a theastaíonn ó na Coimisinéirí loncaim mar fhianaise ar incháilitheacht don díolúine CMÁ.**

Ní mór go ndeimhnítear sa deimhniú go bhfuil ‘damáiste piríteach suntasach’ ag maoine, is é sin Catagóir D ar an deimhniú. Déantar achoimre ar nósanna imeachta C.É. 398 in Aguisín A de na treoirlínte seo trí roinnt eolais cúlra a chur ar fáil ar an gcaoi a bhfaightear an deimhniú damáiste a theastaíonn. Chun críocha léirithe, tá an deimhniú seo (in C.É. 398) atáirgthe in Aguisín B de na treoirlínte seo.

I gcás maoine a ndearnadh tástáil uirthi roimh fhoilsiú na Rialachán Piríte, tá an mhaoine incháilithe don díolúine CMÁ chomh maith nuair atá na torthaí tástála atá bunaithe ar shamplaí d’ábhar truncála fo-urláir a tógadh ó mhaoine, fíoraithe ag duine inniúil de bheith i gcomhréir le nó comhionann le C.É. 398. Úsáidtear deimhniú éagsúil sna cúinsí seo agus tá sé san áireamh in Aguisín C de na treoirlínte seo.

¹ Is é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht a tá freagrach anois as.

² Tháinig na Rialacháin Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Díolúine Piríte) 2013 (I.R. 147/2013) i bhfeidhm ar an 2 Bealtaine 2013.

³ C.É. 398-1:2013 Pirít imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir – Cuid 1: Prótacal tástála agus catagóirithe”. Níl C.É. 398 ar fáil lena cheannach ach amháin ón ÚCNÉ. Tugtha cothrom le dáta an C.É. 398-1:2017, ach gan aon athrú déanta don deimhniú damáiste.

I gcás maoin a ndearna pírlt damáiste dóibh ach a ndearnadh leasúchán orthu sular tháinig na Rialacháin Pírlte i bhfeidhm ar an 2 Bealtaine 2013, níl siad incháilithe don díolúine CMÁ. Nuair a cháillíonn maoin don díolúine tar éis deimhniú cuí a chomhlánú, áfach, leanfaidh an mhaoín de bheith incháilithe don díolúine fiú má dhéantar leasúchán uirthi roimh dheireadh na tréimhse díolúine.

Níl aon fhreagracht ar na Coimisinéirí loncaim i ndáil leis na Rialacháin Pírlte. Ba chóir aon cheisteanna ar na Rialacháin a sheoladh chuig pyriteinformation@housing.gov.ie. An uimhir fóin don Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht ná 01 - 888 2000.

3. Leasúchán ar mhaoine arna dhéanamh ag an mBord Réitigh um Pírlt

Ó mhí Feabhra 2014, le tacaíocht ón nGníomhaireacht Tithíochta, tá clár oibreacha leasúcháin á oibriú ag an mBord Réitigh um Pírlt do mhaoine cónaithe a ndearna pírlt damáiste suntasach dóibh.⁴ Tá scéim um leasúchán pírlte an Bhoird Réitigh um Pírlt ann do mhaoine a tógadh agus a críochnaíodh idir an 1 Eanáir 1997 agus an 12 Nollaig 2013 taobh istigh de cheantair riaracháin údaráis áitiúla Dhún Laoghaire–Ráth an Dúin, Fhine Gall, Chomhairle Contae Bhaile Átha Cliath Theas, Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Chomhairle Contae Chill Dara, Chomhairle Contae na Mí, Comhairle Contae Uíbh Fhailí, Comhairle Cathrach Luimnigh agus Comhairle Contae Luimnigh.

Ní mór d'úinéirí maoine, a dhéanann iarratas leis an mBord Réitigh um Pírlt le go gcuirfí iad san áireamh sa scéim um leasúchán pírlte, tuairisc Measúnachta ar Bhail Foirgnimh (MBF), arna ullmhú ag duine inniúil amhail innealtóir, a thíolacadh. Faoi réir an iarratais seo a bheith fóraithe ag an mBord Réitigh um Pírlt, is é an Gníomhaireacht Tithíochta a dhéanann aon tastáil is gá a dhéanamh le deimhniú gurb é pírlt is cúis leis an damáiste atá sa Mheasúnú ar Bhail Foirgnimh. Féadfaidh sé go gcinneadh an gníomhaireacht Tithíochta, áfach, nach gá an tastáil a dhéanamh ar gach maoin aonair.

Sa chás go nglactar le maoin sa scéim um leasúchán pírlte gan tastáil a dhéanamh, **ní bheidh an deimhniú damáiste pírlte a theastaíonn ó na Coimisinéirí loncaim faoi na Rialacháin Pírlte ar fáil**. I gcúinsí den chineál sin, glacfaidh na Coimisinéirí loncaim le deimhniú gur cuireadh an mhaoín san áireamh i scéim um leasúchán pírlte an Bhoird Réitigh um Pírlt mar fhianaise ar incháilitheacht don díolúine CMÁ. An cleachtas atá ag an mBord Réitigh um Pírlt ná ríomhphost deimhnithe a sheoladh chuig úinéir a bhfuil leasúchán le déanamh ar a maoin. Ba chóir d'úinéirí maoine ar mian leo iarratas a dhéanamh ar an díolúine CMÁ an ríomhphost seo a sheoladh chuig na Coimisinéirí loncaim. De rogha air sin, nuair atá leasúchán déanta ar mhaoín cheana faoi scéim an Bhoird Réitigh um Pírlt (tar éis an 2 Bealtaine 2013), glacfaidh na Coimisinéirí loncaim le fianaise i bhfoirm Deimhniú um Leasúchán comhlánaithe ag an gconraitheoir a rinne na hoibreacha leasúcháin thar ceann an Bhoird Réitigh um Pírlt. Tá an deimhniú seo (in C.É. 398) curtha ar fáil in Aguisín D de na treoirlínte seo.

Is éard atá i scéim leasúcháin an Bhoird Réitigh um Pírlt ná 'scéim rogha deiridh' agus níl sí ar oscailt d'úinéirí maoine atá in ann leas a bhaint as roghanna malartacha le haghaidh leasúcháin, amhail éileamh faoi pholasaí árachais nó socrú in aghaidh tógálaí nó forbróra. Tá achoimre ar na roghanna leasúcháin malartacha seo leagtha amach i gCuid 4 agus Cuid 5 thíos.

⁴ Tá faisnéis faoin scéim leasúcháin ar fáil ag www.pyriteboard.ie

4. Árachas a chlúdaíonn damáiste struchtúrtha do mhaoín

Féadfaidh tógálaithe agus forbróirí maoine polasaí árachais a thógáil amach trí chlárú le comhlacht a frithgheallann aon lochtanna móra struchtúracha sna maoine a thógann siad nó a fhorbraíonn siad. Ba chóir cóip den pholasaí baránta a bheith tugtha ag na tógálaithe agus forbróirí a bhfuil an clúdach sin acu do dhuine a cheannaigh ceann dá gcuid maoín.

Is faoin úinéir maoine áirithe agus a chuideachta árachais atá sé cén cineál fianaise ar dhamáiste piríte a theastaíonn ó chuideachta baránta struchtúrtha chun tacú le héileamh. Ag brath ar chineál na fianaise a theastaíonn ón gcuideachta árachais nó ón soláthraí baránta struchtúrtha, **féadfaidh sé nach mbeidh an deimhniú damáiste piríte a theastaíonn ó na Coimisinéirí loncaim faoi na Rialacháin Piríte ar fáil**. I gcúinsí den chineál sin, glacfaidh na Coimisinéirí loncaim le fianaise incháilitheachta mhalartach don díolúine CMÁ. Teastóidh fianaise den chineál sin a shásóidh iad go bhfuil, tar éis éileamh go raibh damáiste déanta do mhaoín le pirít, go bhfuil leasúchán déanta ar an maoín ag an gcomhlacht árachais nó gur chuir siad cistí dóthanacha ar fáil chun leasúchán a dhéanamh ar an maoín.

5. Leasúchán nó cúiteamh ó thógálaí / forbróir maoine

Féadfaidh tógálaithe nó forbróirí maoine freagracht a ghlacadh as an damáiste a dhéanann pirít do mhaoine a thóg siad / a d'fhorbair siad agus aontú tabhairt faoi leasúchán na maoín. D'fhéadfadh sé seo tarlú mar thoradh ar chinneadh saorálach ag tógálaí nó ó thionscnamh imeachtaí dlíthiúla ag úinéirí na maoine damáistithe. Cibé cúis atá leis, tá coinne leis nach ndéanfaí an leasúchán gan é a bheith deimhnithe go raibh an damáiste suntasach agus gur phirít ba chúis leis go hiarbhrí. I gcúinsí den chineál sin, is faoi na páirtithe atá sé na modhanna a bhunaítear láithreach agus méid an damáiste piríte agus, dá bhrí sin, **féadfaidh sé nach mbeidh an deimhniú damáiste piríte a theastaíonn ó na Coimisinéirí loncaim faoi na Rialacháin Piríte ar fáil**. I gcúinsí den chineál sin, glacfaidh na Coimisinéirí loncaim le fianaise incháilitheachta mhalartach don díolúine CMÁ. Teastóidh fianaise den chineál sin a shásóidh iad go bhfuil, mar gheall go raibh damáiste déanta do mhaoín le pirít, go bhfuil leasúchán déanta ar an maoín ag an tógálaí nó an forbróir maoine a thóg an maoín, nó gur chuir siad cistí dóthanacha ar fáil chun leasúchán a dhéanamh ar an maoín.

6. An cineál leasúcháin atá ag teastáil

Sa chás nach gcomhlíonann duine inniúil deimhniú damáiste i dtaca leis na Rialacháin Piríte, is coinníoll incháilitheachta é don díolúine CMÁ go ndéantar leasúchán ar mhaoín áirithe nó go gcuirtear cistí dóthanacha ar fáil d'úinéir na maoine chun an leasúchán a dhéanamh. Tá míniú áirithe ag leasúchán sa chomhthéacs seo. Tá na nósanna imeachta do leasúchán damáiste piríte ar fáil in C.É. 398⁵. Go bunúsach, baineann sé seo le leac coincreíte ar urlár na talún a bhaint, ábhar truncála fo-thalún ina bhfuil an phirít a bhaint, ábhar truncála athsholáthair a chur isteach agus leac choincreíte nua urláir talún a chur síos. Is obair shuntasach atá i gceist leis seo agus costas €65,000 ag baint léi.⁶ Féadfaidh sé, áfach, go mbeidh éagsúlacht mhór i gceist leis na costais, ag brath ar mhéid achair urláir na talún de chuid na maoine. Sa chás go gcuireann comhlacht árachais nó tógálaí / forbróir maoine dóthain cistí ar fáil d'úinéir maoine chun an obair leasúcháin a dhéanamh, ní mór an tsuim seo a bheith dóthanach chun leasúchán a dhéanamh ar an maoín de réir C.É. 398 (Cuid 2).

⁵C.É. 398/2/2013: Pirít imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir– Cuid 2: Modheolaíocht le haghaidh oibreacha leasúcháin.

⁶Tuarascáil Bhliantúil 2019 an BRP.

7. An díolúine a éileamh

Ní fhéadann maoín cáiliú don díolúine mura n-éilítear an díolúine. Braitheann an chaoi a n-éilítear an díolúine ar cén uair a chomhlíontar an coinníoll cáilitheachta. Sa chás go gcomhlíontar an coinníoll cáilitheachta ar an dáta luachála, is é sin an 1 Bealtaine 2013 le haghaidh na mblianta 2013 go dtí 2021 agus an 1 Samhain 2021 le haghaidh na mblianta 2022 go dtí 2025, féadtar an díolúine a éileamh ar an Tuairisceán CMÁ atá le tíolacadh do na Coimisinéirí loncaim nuair atá luacháil do mhaoín le dearbhú. Ba chóir an uimhir cóid díolúine '3' a chur isteach sa tuairisceán chun an díolúine piríte a éileamh. Tar éis an t-éileamh seo a dhéanamh, ba chóir na doiciméid riachtanacha a leagtar amach thíos a thíolacadh.

Sa chás nach gcomhlíontar an coinníoll cáilitheachta don díolúine seo go dtí tar éis an dáta luachála, ba chóir d'úinéir maoine fógra i scríbhinn a sheoladh chuig na Coimisinéirí loncaim ina n-éilítear an díolúine agus na doiciméid chuí a thíolacadh.

I gcás éilitheoirí ar dhíolúine bunaithe ar **dheimhniúchán damáiste a tharla trí bhíthin piríte**, ba chóir dóibh an deimhniú um dhamáiste suntasach piríte arna eisiúint de réir na Rialachán Piríte a thíolacadh.

I gcás éilitheoirí ar dhíolúine bunaithe ar **ghlacadh isteach sa Scéim um Leasúchán Piríte**, ba chóir dóibh deimhniú um ghlacadh an Bhoird Réitigh um Pirít agus / nó an Deimhniú um Leasúchán a thíolacadh sa chás go bhfuil an leasúchán déanta don mhaoín cheana féin.

I ndáil le héilitheoirí ar dhíolúine bunaithe ar **éileamh árachais rathúil, obair leasúcháin ag tógálaí nó forbróir maoine nó maoiniú dóthanach a chur ar fáil leis na hoibreacha leasúcháin a dhéanamh**.

Níl na Coimisinéirí loncaim in ann a bheith saintreorach faoi na cineálacha cruinne doiciméad a nglacfar leo mar fhianaise ar incháilitheacht don díolúine. Déanfar cinntí ar fhíricí agus cúinsí cásanna aonair. D'fhéadfadh na cineálacha faisnéise seo a leanas a bheith cuí ag brath ar an staid áirithe:

- cur síos gairid ar chineál agus méid an damáiste piríte,
- doiciméid curtha ar fáil ag cuideachta árachais i ndáil le héileamh nó socraíocht faoi árachas baránta struchtúrtha, ráthaíocht baránta struchtúrtha nó cineál eile árachais,
- cóip de bhreithiúnas cúirte nó comhaontú socraíochta i gcás inar thionscain úinéir maoine imeachtaí dlíthiúla i gcoinne tógálaí nó forbróir maoine,
- doiciméid arna soláthar ag an tógálaí nó ag an bhforbróir maoine i ndáil le leasúchán na maoine, cibé acu trí leasúchán díreach nó trí chistí dóthanacha a chur ar fáil chun an leasúchán a dhéanamh, agus
- Deimhniú um Leasúchán a ullmhaíodh de réir C.É. 398.

Féadfaidh na Coimisinéirí loncaim faisnéis bhreise a iarraidh chun a fhíorú go gcáilíonn an t-éilitheoir don díolúine.

Ní cheadóidh na Coimisinéirí loncaim an díolúine CMÁ ach amháin má tá siad sásta gur fianaise dhóthanach iad na doiciméid a thíolacadh go bhfuil an méid seo a leanas fíor:

- go bhfuil leasúchán déanta ag comhlacht árachais ar mhaoín nó gur chuir siad suim airgid dhóthanach ar fáil chun an leasúchán a dhéanamh, nó
- go bhfuil leasúchán déanta ag an tógálaí nó ag an bhforbróir maoine a thóg an mhaoín, nó gur chuir siad suim airgid dhóthanach ar fáil chun an leasúchán a dhéanamh.

Níl aon fhoirm shonrach ann le haghaidh an fhógra i scríbhinn chun an díolúine CMA a éileamh. De bheis ar an bhfianaise a bhaineann le bunús an éilimh, ba chóir go mbeadh ainm, seoladh agus UPSP úinéir na maoine agus Uimhir Aitheantas Maoine CMÁ na maoine san áireamh. Ba chóir an fógra seo a thabhairt ar M'Fhiosruithe, seirbhís comhfhreagrais slán ar líne na gCoimisinéirí

Ioncaim, atá ar fáil in mo **Chúrsaí** agus ROS araon. De rogha air seo, féadtar é a sheoladh tríd an bpost chuig an Brainse CMÁ, Bosca Oifige Poist 100, Inis, Co. an Chláir.

8. Tráthúlacht na díolúine

8.1 An dáta ar a gcáilíonn an mhaoín don díolúine

Ag brath ar an mbonn don díolúine, is é an dáta seo ceann díobh seo a leanas:

- dáta críochnaithe an deimhnithe damáiste, sa chás go ndéantar tástáil de réir na Rialachán Piríte agus go gcomhlánaíonn duine inniúil deimhniú damáiste,
- an dáta ar a gcuireann an Bord Réitigh um Pirít in iúl d'úinéir maoine go bhfuil maoín curtha san áireamh sa scéim um leasúchán piríte,
- an dáta a shocraítear éileamh faoi pholasaí árachais, nó
- an dáta a chuirtear leasúchán maoine i gcrích nó a sholáthraítear dóthain cistí le haghaidh leasúcháin, i gcás ina ndéanann tógálaí nó forbróir maoine leasúchán ar an maoín, nó a sholáthraíonn dóthain cistí chun leasúchán a dhéanamh ar an maoín.

Sonrófar i litir um cheadú ó na Coimisinéirí Ioncaim i leith an díolúine an dáta óna mbeidh an díolúine le cur i bhfeidhm.

8.2 Fad na díolúine

Nuair a tugadh isteach é, bhí an díolúine i bhfeidhm ar feadh tréimhse sheasta 3 bliana. Dá éis sin, cuireadh síneadh ama léi agus tréimhse sheasta 6 bliana atá ann anois. Tosaíonn an tréimhse 6 bliana ar an gcéad dáta dliteanais (is é sin an 1 Samhain i ngach bliain) go díreach tar éis an dáta ar a gcáilíonn maoín don díolúine agus leanann sí ar aghaidh ar feadh na gcéad chúig dháta agus blianta dliteanais eile.

I ndáil leis an gcéad tréimhse luachála, áfach, mar thoradh ar an idirghníomhú idir an dáta cáilithe don díolúine agus an síneadh ama leis an tréimhse luachála seo, féadfaidh sé go raibh tréimhse na díolúine níos faide ná sé bliana. Braitheann tréimhse na díolúine ar cén uair sa tréimhse luachála a cháilíonn an mhaoín don díolúine. I gcás maoine a bhí díolmhaithe ar an gcéad dáta luachála (is é sin an 1 Bealtaine 2013), lean sí de bheith díolmhaithe go dtí an chéad dáta luachála eile ina dhiaidh sin (is é sin an 1 Samhain 2021). Ba don tréimhse 1 Iúil 2013 go 2016 a bhí an chéad tréimhse luachála i dtosach, ach cuireadh síneadh ama léi go 2021 ina dhiaidh sin, agus dá thoradh tréimhse iomlán 8½ mbliana a bhí ann in ionad na 4½ bliana a bhí beartaithe. Sa chás gur roghnaigh duine a bheith díolmhaithe go siarghabhálach go dtí an 1 Bealtaine 2013 mar a leagtar amach i gCuid 8.3 thíos, leanfadh an díolúine ar feadh 8½ mbliana go dtí 2021.

Maidir leis an dara dáta luachála den 1 Samhain 2021 don tréimhse 2022 go 2025, ní tharlódh an suíomh seo. Beidh tréimhse sheasta díolúine 6 bliana i bhfeidhm ar an gcoinníoll go bhfuil an dáta cáilitheach le haghaidh díolúine ar an 21 Iúil 2023 nó roimhe sin. Mar shampla, má chomhlíontar na coinníollacha cáilitheachta i Meitheamh 2023, is é an 1 Samhain 2023 an dáta dliteanas don bhliain 2024 agus beidh feidhm ag an díolúine do na 6 bliana ó 2024 go 2029.

Nuair a cháilíonn maoín don díolúine, leanann an tréimhse díolúine cheadaithe ar aghaidh, fiú má dhéantar leasúchán uirthi roimh dheireadh na tréimhse díolúine 6 bliana.

8.3 Roghnú (faoi 31 Eanáir 2014) le haghaidh díolúine shiarghabhálach

Sa chás gur eisíodh deimhniú damáiste tar éis an chéad agus / nó an dara dáta dliteanais an 1 Bealtaine 2013 agus an 1 Samhain 2013, faoi seach, ach ar an 31 Nollaig 2013 nó roimhe, d'fhéadfaidh duine faoi dhliteanas roghnú a bheith díolmhaithe go siarghabhálach i leith ceann amháin nó ceann eile de na dátaí dliteanais. Ní foláir an roghnú seo a bheith déanta ar an 31 Eanáir 2014 nó roimhe agus níl feidhm leis maidir le haon dátaí dliteanais níos déanaí.

8.4 Leasúchán roimh an 2 Bealtaine 2013

I gcás maoine a ndearna pirít damáiste dóibh ach a ndearnadh leasúchán orthu sular tháinig na Rialacháin Piríte i bhfeidhm ar an 2 Bealtaine 2013, **níl** siad incháilithe don díolúine CMÁ.

8.5 Deireadh a chur le díolúine

Tá deireadh á chur leis an díolúine piríte. Féadfaidh maoine leanúint ar aghaidh de cháiliú don díolúine i gcás go gcomhlíonann siad na coinníollacha cáilithe ar an 21 Iúil 2023 nó roimhe. Féadfaidh an tréimhse sheasta díolúine 6 bliana leanúint de bheith i bhfeidhm go dtí deireadh 2029 (bunaithe ar an dáta dliteanais is déanaí den 1 Samhain 2023). **Ní fhéadtar an díolúine a éileamh i leith maoine a cháilíonn don díolúine tar éis an 21 Iúil 2023.**

9. Féinmheasúnú agus seiceálacha comhlíontachta na gCoimisinéirí loncaim

Cé go n-éilítear an díolúine ar bhonn féinmheasúnaithe, fíoróidh na Coimisinéirí loncaim incháilitheacht dá éis sin trí iarraidh ar éilítioirí na doiciméid riachtanacha a sholáthar chun tacú lena n-éileamh. Cheal fianaise ar incháilitheacht, tarraingeoidh na Coimisinéirí loncaim siar an díolúine agus féachfaidh siad an CMÁ iníoctha a aisghabháil mar aon le hús ar íocaíocht dhéanach.

De ghnáth glacfaidh na Coimisinéirí loncaim leis an deimhniú maidir le damáiste suntasach piríte arna chomhlánú ag duine inniúil mar atá sé ar choinníoll go bhfuil sé críochnaithe agus eisithe de réir na Rialachán Piríte. Mar sin féin, más gá tuilleadh seiceálacha comhlíontachta a dhéanamh chun bailíocht an deimhnithe a fhíorú, ba cheart go mbeadh doiciméid áirithe ar fáil mar thoradh ar an bpróiseas measúnaithe, tástála agus catagóirithe a bheith críochnaithe. Iarrtar sna Rialacháin Piríte ar dhuine dliteanach doiciméid a choinneáil ar feadh tréimhse 6 bliana tar éis an éilimh i gcás go ndéanann na Coimisineirí loncaim iarratas ar iniúchadh. Is iad na cáipéisí seo:

- tuairisc innealtóra ina bhfuil tuarascáil MRF, doiciméid an staidéir deisce agus meastóireacht an amharciniúchta ar dhamáiste,
- tuairisc geolaí ina bhfuil na taifid agus na grianghraif de shampláil an ábhair truncála agus tuairisc den anailís saotharlainne, agus
- an deimhniú maidir le catagóiriú foirgnimh.

10. Samplaí ina léirítear oibriú na díolúine CMÁ

10.1 Deimhniú damáiste a fuarthas i mí Dheireadh Fómhair 2013

Rinneadh tástáil ar theach Néill do dhamáiste piríte agus fuair sé an deimhniú damáiste a theastaíonn comhlánaithe ag innealtóir i mí Dheireadh Fómhair 2015. Chuir sé an deimhniú faoi bhráid na gCoimisinéirí loncaim agus d'éiligh sé an díolúine. Thosaigh an díolúine ón dáta dliteanais tar éis an deimhniú a bheith comhlánaithe, mar shampla an 1 Samhain 2015 i leith na bliana 2016. Ag an am, bhí an díolúine le bheith ann ar feadh na dtrí bliana 2016, 2017 agus 2018. Mar thoradh, áfach, ar shíneadh ama na híostréimhse trí bliana go tréimhse sé bliana, cuireadh síneadh ama trí bliana breise do 2019, 2020 agus 2021 le díolúine Néill.

10.2 Áireamh i scéim um leasúchán piríte an BRP i mí Feabhra 2014

Chuir an BRP in iúl d'Áine i mí Feabhra 2014 go raibh a maoin le háireamh sa scéim um leasúchán piríte. Mar gheall, áfach, nach ndearna an BRP an tástáil a theastaíonn i Rialacháin na Roinne Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, ní raibh an deimhniú aici a bhí ag teastáil ó na Coimisinéirí loncaim chun an díolúine CMÁ a cheadú. Tar éis na coinníollacha incháilitheachta a bheith maolaithe, chuir sí an fógra BRP faoi bhráid na gCoimisinéirí loncaim agus d'éiligh sí an

díolúine i mí Eanáir 2015. Toisc gurbh é Feabhra 2014 an dáta éifeachtach don díolúine, bhí feidhm aige ón dáta dlite, an 1 Samhain 2014, i ndáil leis an mbliain 2015. Bhí tréimhse díolúine sé bliana i bhfeidhm do na blianta 2015 go 2020.

Toisc gur íoc Áine cuid dá dliteanais CMÁ don bhliain 2015 cheana féin, d'aisíoc na Coimisinéirí loncaim é seo tar éis éileamh ar aisíocaíocht a fháil.

10.3 Socrú árachais baránta struchtúrtha i mí an Mhárta 2016

Thosaigh Fionntán ag tabhairt faoi deara damáiste struchtúrtha dá theach le linn 2013. Tá sé den tuairim gur pirít a bhí mar chúis leis an damáiste agus chuir sé éileamh faoi bhráid an chomhlachta árachais lenar chláraigh a tógálaí an mhaoín. Bhí an comhlacht árachais sásta go raibh éileamh bailí ag Fionntán i ndáil leis an damáiste piríte agus d'fhostaigh siad conraitheoir chun oibreacha leasúcháin a dhéanamh. Críochnaíodh an leasúchán i mí an Mhárta 2016 agus sheol Fionntán cóipeanna den litir ón gcomhlacht árachais inar socraíodh a éileamh, mar aon leis an Deimhniú um Leasúchán, chuig na Coimisinéirí loncaim mar thacaíocht ar a éileamh ar an díolúine CMÁ. Ghlac na Coimisinéirí loncaim leis an bhfianaise seo agus ceadaíodh an t-éileamh. Toisc gurbh é Márta 2016 an dáta éifeachtach don díolúine, bhí feidhm aige ón dáta dlite, an 1 Samhain 2016, i ndáil leis an mbliain 2017. Beidh tréimhse díolúine sé bliana ar fáil do na blianta 2017 go 2022.

Cé go bhfuil Fionntán díolmhaithe do 2022, ba cheart dó an díolúine a éileamh fós nuair a thíolacann sé a fhoirm thuairisceáin CMÁ maidir leis an dara dáta luachála den 1 Samhain 2021.

10.4 Cúiteamh a íoc ag an tógálaí

10.4.1 Chuir Máire tús le himeachtaí dlí in aghaidh a tógálaí mar thoradh ar dhamáiste struchtúrtha dá maoin agus tá sí den tuairim gur pirít a ba chúis leis. Dhiúltaigh an tógálaí glacadh le freagracht as an damáiste ach chuir sé €10,000 ar fáil do Mháire mar chúiteamh ar an gcomhaontú nach leanfadh sí leis na himeachtaí dlíthiúla. Ghlac sí leis an tairiscint seo. Ní dhearna Máire tástáil ar a maoin agus níl an deimhniú damáiste aice a theastaíonn ó na Coimisinéirí loncaim. Níl sí incháilithe don díolúine CMÁ mar gheall nach leor an tsuim a d'íoc an tógálaí chun an leasúchán a dhéanamh ar an maoin. Cuireadh in iúl di go gcosnódh leasúchán thart ar €60,000.

Mar thoradh ar imeachtaí dlíthiúla a thóg Siorcha in aghaidh a tógálaí, d'ordaigh an Ard-Chúirt don tógálaí €70,000 a íoc le Siorcha, an costas measta a bhainfeadh le leasúchán a dhéanamh ar a maoin. I mí Eanáir 2020, chuir Siorcha cóipeanna de dhoiciméid a fuair sí ó innealtóir a rinne measúnú ar an damáiste dá maoin agus den Ordú Cúirte, dar dáta Meán Fómhair 2019 chuig na Coimisinéirí loncaim mar thaca lena héileamh ar an díolúine CMÁ. Ghlac na Coimisinéirí loncaim leis an bhfianaise seo agus cheadaigh siad an díolúine le héifeacht ón dáta dliteanais den 1 Samhain 2021. Mairfidh a díolúine don tréimhse 6 bliana ó 2021 go 2026. Cé go bhfuil Máire díolmhaithe do 2022, ba chóir di an díolúine a éileamh fós nuair a chomhlánaíonn sí a Tuairisceán CMÁ i ndáil leis an dara dáta luachála den 1 Samhain 2021.

10.4.2 Tá sé dearbhaithe go ndearna pirít damáiste do roinnt maoin in eastát tithíochta tar éis innealtóir a bhí fostaithe ag an bhforbróir maoine atá freagrach as na maoine a thógáil tastáil a dhéanamh. D'aontaigh an forbróir maoine leasúchán a dhéanamh ar na maoine uile a ndearnadh damáiste dóibh. Beidh úinéirí na maoin a bhfuil leasúchán déanta orthu incháilithe don díolúine CMÁ más féidir leo na Coimisinéirí loncaim a shásamh gur pirít ba chúis leis an damáiste agus go ndearnadh leasúchán ar na maoine de réir C.É. 398. Tar éis an obair leasúcháin a chríochnú, ba cheart dóibh cibé fianaise atá ar fáil mar thaca lena n-éileamh a chur faoi bhráid na gCoimisinéirí loncaim. Caithfidh torthaí aon tástálacha a dhéantar ar na maoine, comhfhreagras leis an bhforbróir maoine agus Deimhniú um Leasúchán a bheith san áireamh san fhianaise sin. Má cheadaíonn na Coimisinéirí loncaim é, beidh feidhm ag an díolúine ón dáta dliteanais tar éis an leasúchán a bheith críochnaithe agus mairfidh sé ar feadh tréimhse 6 bliana as a chéile.

Céimniú amach na díolúine

Tá Ailín ina chonaí ar an mbunurlár d'fhoirgneamh árasán a ndearna pirít damáiste dó. Tá damáiste suntasach ag cuid dá chomharsana agus rinne siad iarratas leis an BRP lena gcur san áireamh sa scéim leasúcháin i mí na Bealtaine 2022. Ní dhearnadh damáiste suntasach dá árasán. Tá súil aige go gcinntídh an BRP an bloc árasán uile a leasú agus go mbeidh sé in ann cáiliú ansin don díolúine CMÁ. Bealtaine 2023 atá ann anois agus níl cuma mhaith ar an scéal gan focal ón BRP tar éis iniúchadh innealtóra ar na hárasáin i mí Eanáir 2022. Ar an 10 Iúil 2023, áfach, thug an BRP fógra do na húinéirí árasáin uile go bhfuil an bloc árasán uile le háireamh sa scéim leasúcháin. Toisc go bhfuil sé seo roimh an 21 Iúil 2023, cáilíonn Ailín don díolúine CMÁ ón dáta dliteanais den 1 Samhain 2023 agus beidh an díolúine aige don tréimhse 6 bliana 2024 go 2029. Mar gheall gur chuir sé a Thuairisceán CMÁ faoi bhráid na gCoimisinéirí Ioncaim ar an 3 Samhain 2021 nuair nár cháiligh sé don díolúine, caithfidh sé scríobh chuig na Coimisinéirí Ioncaim (ag Brainse CMÁ, Bosca O.P. 100, Inis, Co. an Chláir) ag éileamh na díolúine agus ag cur an fhógra BRP isteach mar thacaíocht lena éileamh.

Ní comhairle ghairmiúil atá sa doiciméad seo ach treoir amháin, agus níor cheart a mheas gur comhairle dhlíthiúil é ach an oiread. Níor chóir glacadh leis gur treoir chuimsitheach é, ná go dtugann sé freagra cinntitheach i ngach cás.

AGUISÍN A – C.É. 398

C.É. 398: cúla agus achoimre

In Éirinn, baineadh úsáid as carraigeacha a bhfaightear an mianra pírlé iontu go nádúrtha le haghaidh ábhar truncála fo-urláir i bhfoirgnimh. Nuair a bhíonn cineálacha áirithe pírlé nochtaithe do thaise agus ocsaigin, is féidir go dtarlódh sraith d'imoibriúcháin cheimiceacha a bhféadfadh leathnú ar ábhar truncála fo-urláir a bheith ina chúis le damáiste struchtúrtha ar nós scoilteadh urlár agus gluaiseacht ballaí seachtracha, ar a dtugtar at pírlé.

I mí an Mheithimh 2012, d'fhoilsigh Painéal Pírlé saineolaíoch, a choimisiúnaigh an tAire Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil chun an fhadhb pírlé a imscrúdú, a thuarascáil ar an ábhar (ar fáil ag www.environ.ie). Ag an am, bhí at pírlé le feiceáil i gcúig cheantar údarás áitiúil, Fine Gall, Cathair Bhaile Átha Cliath, an Mhí, Cill Dara agus Uíbh Fhailí. Ceann de mholtaí an Phainéil ba ea prótacal tástála Éireannach a bhunú chun a dheimhniú cé acu an bhfuil pírlé imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir tar éis cur isteach ar fhoirgneamh nó nach bhfuil, nó an bhféadfadh sé a bheith amhlaidh amach anseo. Mar thoradh air seo, foilsíodh C.É. 398-1:2013 (Pírlé imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir – Cuid 1: Prótacal tástála agus catagóirithe).

Bunaíodh an Bord Réitigh um Pírlé chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm scéim um leasúchán pírlé chuimsitheach do theaghaisí príobháideacha áirithe a bhfuil at pírlé tar éis cur isteach orthu. Cé go bhfuil an díolúine CMÁ ag brath ar dheimhniú um dhamáiste pírlé de réir C.É. 398, is é príomhchuspóir C.É. 398 ná teaghaisí a aithint atá oiriúnach don obair leasúcháin pírlé. Cé nach n-iarrtar ar úinéirí teaghaisí a cuireadh san áireamh sa scéim um leasúchán pírlé na costais a bhaineann le tástáil le haghaidh pírlé a íoc, ní dhéanfar tástáil ar gach teaghais faoin scéim. Ina theannta sin, tá teaghaisí á leasú lasmuigh den scéim um leasúchán pírlé. Is faoi úinéir an tí a bheadh na costais a bhaineann le tástáil i gcúinsí den chineál sin (a bhféadfadh costas suas le €3,000 a bheith air).

Achoimre ar nósanna imeachta C.É. 398

Is é aidhm fhoriomlán C.É. 398 ná dóthain sonraí iontaofa a bhailiú le go bhféadfar foirgneamh a chatagóiriú i dtéarmaí an riosca d'at pírlé. Féadfaidh sé go bhfuil damáiste tar éis tarlú cheana féin nó riosca a bheith ann go dtarlódh sé amach anseo. Tosaíonn an próiseas le Measúnacht ar Bhail Foirgnimh ag duine inniúil. Cuimsíonn sé seo staidéar deisce chun an oiread faisnéise ábhartha agus is féidir a fháil roimh an iniúchadh láithreáin agus cigireacht inmheánach neamhionrach agus amharciniúchadh seachtrach chun láithreach nó neamhláithreach damáiste is dealraithí a thagann le hat pírlé a dheimhniú agus chun méid agus suntas an damáiste sin a mheas. Déanann innealtóir breithmheas ar dhéine aon damáiste den chineál sin i dtéarmaí Bail-Rátála ar Dhamáiste. Cinneann an Bhail-Rátáil ar Dhamáiste sannta riachtanas samplála agus tástála saotharlainne agus riachtanas athiniúchta chun a fháil amach an bhfuil damáiste ag dul ar aghaidh.

Déantar foirgneamh a aicmiú bunaithe ar anailís ar an mBail-Rátáil ar Dhamáiste agus ar aicmiú an ábhair truncála fo-urláir tar éis tástálacha saotharlainne déanta ag geolaí. Sanntar catagóir a bhaineann leis an bhféidearthacht d'at pírlé. Tá réimse ann ó Chatagóir A (riosca fánach go ndéanfaidh sé damáiste amach anseo) go Catagóir D (damáiste suntasach pírlé déanta). Le bheith i gCatagóir D, caithfidh Bail-Rátáil 1 ar Dhamáiste (ag forchéimniú) nó 2 a bheith ag foirgneamh, ar rátálacha iad atá ar comhréir le hat pírlé agus ábhar truncála a d'fhéadfadh leathnú go suntasach nó go teoranta. Teastaíonn Catagóir D don díolúine CMÁ agus is ionann í agus an chatagóir dhearg dá dtagraítear i dTuairisc an Phainéil Pírlé. Comhlánaíonn innealtóir deimhniú ina sonraítear an chatagóir a shanntar don fhoirgneamh. Is éard a thugtar ar an deimhniú seo ná an Catagóiriú Foirgnimh do Phírlé Imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir (féach Aguisín B).

AGUISÍN B – Deimhniú um Chatagóiriú Foirgnimh

Deimhniú um Chatagóiriú Foirgnimh Do Phirít Imoibríoch in Ábhar Truncála Fo-urláir

1. Eisítear agus sínítear an deimhniú seo de réir C.É. 398-1: Pirít imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir – Cuid 1:
Prótacal Tástála agus Catagóirithe agus baineann sé leis an bhfoirgneamh seo a leanas:

2. Is é an té seo a leanas a rinne an Mheasúnacht ar Bhail Foirgnimh _____ (dáta):

Thar ceann:

Cáilíochtaí:

Uimhir na Tuairisce Amharciniúchta:

3. Rinne an té seo a leanas an tástáil saotharlainne ar an _____ (dáta):

Thar ceann:

Uimhir chreidiúnaithe na saotharlainne:

4. Aicmíodh an truncáil maidir le riachtanais C.É. 398-1, mar seo a leanas:
☐ Gan a bheith so-ghabhálach i leith leathnaithe
☐ D'fhéadfadh sé leathnú go teoranta
☐ D'fhéadfadh sé leathnú go suntasach
ag an duine seo a leanas:

Thar ceann:

Cáilíochtaí:

5. Ar bhonn thorthaí na Measúnachta ar Bhail Foirgnimh agus ón aicmiúchán truncála, deimhním / deimhníonn muid de réir C.É. 398-1, tar éis scil, cúram agus dúthracht a bheith á fheidhmiú agam, go bhfuil an catagóiriú déanta ar an bhfoirgneamh maidir le cé acu an ndearna pirít imoibríoch damáiste don fhoirgneamh nó an dóigh go dtarlódh sé amach anseo.

☐ Catagóir A – Riosca Fánach (Glas) – Tá Bail-Rátáil 0 ar Dhamáiste ag an bhfoirgneamh agus níl an truncáil so-ghabhálach i leith leathnaithe. De rogha air sin, tá Bail-Rátáil 1 nó 2 ar Dhamáiste ag an bhfoirgneamh agus níl an truncáil so-ghabhálach i leithnaithe ann agus is dóigh cúis dhóchúil eile leis an damáiste seachas at piríte.
☐ Catagóir B – I mBaol (Buí) – Tá Bail-Rátáil 0 ar Dhamáiste ag an bhfoirgneamh, é sin nó Bail-Rátáil 1 ar Dhamáiste (gan forchéimniú) i gcomhréir le hat piríte, agus truncáil atá so-ghabhálach i leith leathnú teoranta. Tá féidearthacht íseal ag an bhfoirgneamh go ndéanfar damáiste dó amach anseo de dheasca at piríte.
☐ Catagóir C – I mBaol (Buí) – Tá Bail-Rátáil 0 ar Dhamáiste ag an bhfoirgneamh, é sin nó Bail-Rátáil 1 ar Dhamáiste (gan forchéimniú) i gcomhréir le hat piríte, agus truncáil atá so-ghabhálach i leith leathnú suntasach. Tá féidearthacht shuntasach ag an bhfoirgneamh go ndéanfar damáiste dó amach anseo de dheasca at piríte.
☐ Catagóir D – Damáiste Suntasach de dheasca Piríte (Dearg) – Tá Bail-Rátáil 1 ar Dhamáiste ag an bhfoirgneamh (ag forchéimniú) é sin nó Bail-Rátáil 2 ar Dhamáiste i gcomhréir le hat piríte, agus truncáil atá so-ghabhálach i leith leathnú suntasach nó leathnú teoranta.

Síniú an Innealtóra: _____

Ainm (BLOCLITREACHA):

Cáilíochtaí:

Thar ceann:

Seoladh:

Fón: _____ Dáta: _____

6. Tá an deimhniú seo bunaithe ar Thuairisc ghaolmhar na Measúnachta ar Bhail Foirgnimh agus Tuairisc an Gheolaí ar aicmiúchán na truncála.

7. Doiciméad Ghaolmhara

Tuairiscí	Uimhir Thagartha
Tuairisc Innealtóra	
Measúnacht ar Bhail Foirgnimh	
Meastóireacht ar an Damáiste Infheicthe	
Tuairisc an Gheolaí Ghairmiúil	
Sampláil Truncála	
Tástálacha Saotharlainne	

AGUISÍN C – Deimhniú chun Díoluine a Éileamh

DEIMHNIÚ CHUN DÍOLÚINE A ÉILEAMH ÓN GCÁIN MHAOINE ÁITIÚIL MAR GHEALL AR DHAMÁISTE SUNTASACH PIRÍTE

(sa chás go ndearnadh sampláil agus tástáil roimh thosach feidhme na Rialachán seo)

1. Baineann an deimhniú seo leis an maoin chónaithe seo a leanas:

.....

2. Rinneadh an Mheasúnacht ar Bhail Foirgnimh ar an i gcomhréir le C.É. 398/1/2013.

Fuarthas go raibh an Bhail-Rátáil ar Dhamáiste mar seo a leanas

Bail-Rátáil 2 ar Dhamáiste ☐

Bail-Rátáil 1 ar Dhamáiste (ag forchéimniú) ☐

Ainm an duine a rinne an mheasúnacht:.....

Cáilíochtaí:

3. Críochnaíodh an tástáil saotharlainne ar an.....

Ainm agus seoladh na Saotharlainne:.....

Bhí na tástálacha saotharlainne deimhnithe ag:

Cáilíochtaí:

Aicmíodh an t-ábhar truncála fo-urláir mar seo a leanas:

So-ghabhálach i leith leathnú teoranta ☐
suntasach

So-ghabhálach i leith leathnú ☐

Bhí an t-ábhar truncála fo-urláir aicmithe ag:

Cáilíochtaí:

4. Ar bhonn thorthaí na Measúnachta ar Bhail Foirgnimh a rinneadh i gcomhréir le C.É. 398-1:2013 agus thorthaí na tástála ar ábhar truncála fo-urláir rangaithe i gcomhréir le C.É. 398-1:2013, deimhním go bhfuil, tar éis scil, cúram agus dúthracht réasúnach a fheidhmiú, damáiste piríte suntasach déanta don mhaoín chónaithe thuas faoi agus de réir na Rialachán Airgeadais (Cáin Mhaoine Áitiúil) (Díoluine Piríte) 2013.

Síniú an Duine Údaraithe:

Ainm (Bloclitreacha):

Cáilíochtaí:

Thar ceann:

(Ainm an chomhlachta nuair is cuí).

Seoladh:.....

Dáta:

Fón:..... Facs:.....Ríomhphost:.....

AGUISÍN D – Deimhniú Leasúcháin do Phirít Imoibríoch**DEIMHNIÚ LEASÚCHÁIN DO PHIRÍT IMOIBRÍOCH IN ÁBHAR TRUNCÁLA FÓ-URLÁIR**

Eisítear agus sínítear an Deimhniú seo de réir C.É. 398-2:2013, Pirít Imoibríoch in ábhar truncála fo-urláir – *Cuid 2: Modheolaíocht d'oibreacha leasúcháin*,

don fhoirgneamh (Seoladh): _____

a) **Deimhnímse, an tógálaí**, a ceapadh chun na hoibreacha a thógáil, a mhaoirsiú agus a dheimhniú, an méid seo a leanas

- i) gur chuir na daoine thíosluaite na hoibreacha leasúcháin i gcrích de réir an Phlean Oibreacha Leasúcháin agus go bhfuil na hoibreacha comhlíontach le riachtanais C.É. 398-2;
- ii) gur mise a mhaoirsigh agus a d'iniúch na hoibreacha leasúcháin ag na céimeanna a bhfuil achoimre orthu ar leathanach 2 den Deimhniú seo agus gur síníodh iad de réir C.É. 398-2.

Síniú: _____

Ainm (BLOCLITREACHA): _____

Thar ceann: _____

Seoladh: _____

Fón: _____ Dáta: _____

b) **Deimhnímse, an Gairmí Dearthóireachta**, tar éis gníomhú le scil, cúram agus dúthracht chuí, an méid seo a leanas:

- i) gur ullmhaíodh an Plean Oibreacha Leasúcháin de réir C.É. 398-2;
- ii) gur scrúdaíodh na hoibreacha ag céimeanna a bhfuil achoimre orthu ar leathanach 2 den Deimhniú seo agus gur síníodh iad de réir C.É. 398-2;
- iii) go bhfuil na hoibreacha leasúcháin curtha i gcrích de réir an Phlean Oibreacha Leasúcháin agus go bhfuil na hoibreacha, bunaithe ar an méid thuas agus ar na Deimhnithe coimhdeacha ó Ghairmithe eile de réir mar is cuí, comhlíontach le riachtanais C.É. 398-2.

Síniú: _____

Ainm (BLOCLITREACHA): _____

Thar ceann: _____

Seoladh: _____

Fón: _____ Dáta: _____

(Deimhniú ar lean)

Cur Síos ar an Iniúchadh	Sínithe ag	Gnólacht	Dáta	Nótaí / Nótaí Tráchtá
Baint na truncála curtha i gcrích*				
Bail an bhonnra & na bunsraithe				
Deisiú an bhonnra curtha i gcrích (de réir an Phlean Oibreacha Leasúcháin de réir mar is cuí)*				
Doiciméid faighte ina ndeimhnítear foinse agus oiriúnacht na truncála athsholáthair*				
Athsholáthar na truncála nua, na seirbhísí agus an umair radóin curtha i gcrích				
Cur an scannáin radóin / taisdionach curtha i gcrích				
Cur an inslithe talún curtha i gcrích				
Deisiú na mballaí struchtúracha curtha i gcrích*				
Oibreacha seachtracha curtha i gcrích*				

TABHAIR DO D'AIRE Is é an Gairmí Dearthóireachta a chuireann na hiniúchtaí i gcrích a bhfuil (*) luaite leo. Is é an Tógálaí nó an Gairmí Dearthóireachta a chuireann na hIniúchtaí eile i gcrích.

